2026/2162

30.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2162 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Mean Fómhair 2026

lena ndéantar allmhairí micrisféar gloine soladach (ar a dtugtar 'coirníní gloine' sa réimse tráchtála) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chur faoi réir a gcláraithe ionas go mbeifear in ann dleachtanna frithdhumpála a thobhach ar na hallmhairí sin a chuirtear faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ('an bun-Rialachán'), ([1]) agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Iúil 2026, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]), gur tionscnaíodh imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí micrisféar gloine soladach (ar a dtugtar 'coirníní gloine' sa réimse tráchtála) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne isteach san Aontas.

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí tar éis do M. Swarovski GmbH, Swarco Vestglas GmbH, Swarco Schönborn GmbH, Sovitec Belgium, Potters Ballotini SASZ, Sovitec France, Potters Ballotini Gmbh, Intermiglass SP. Z O.O. agus Sovitec Iberica SAU gearán a chur isteach an 24 Meitheamh 2026, thar ceann thionscal an Aontais a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán micrisféar gloine soladach an Aontais acu.

1. AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(3) Is éard atá sa táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann') micrisféir gloine soladaí (ar a dtugtar 'coirníní gloine' sa réimse tráchtála) nach mó ná 2 mm ar trastomhas, a bhfuil a ndromchla brataithe nó neamhbhrataithe, gan beann ar an úsáid atá beartaithe nó ar an bpróiseas táirgthe, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7002 10 00, ex 7018 10 90, ex 7018 20 00 agus ex 7018 90 90 (cóid TARIC 7002 10 00 20, 7018 10 90 10, 7018 20 00 10 agus 7018 90 90 10) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(4) Ní áirítear leis an táirge lena mbaineann táirgí a shainmhínítear mar 'choirníní gloine' atá i bhfoirm liathróidí beaga pollta, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC 7018 10 11 agus 7018 10 19.

(5) Shoiléirigh an Coimisiún gur cuid de raon táirge an imscrúdaithe iad sféir ghloine a chomhlíonann na sonraíochtaí a leagtar amach sa sainmhíniú táirge, gan beann ar cé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear iad faoi chóid AC ex 7002 10 00, ex 7018 10 90, ex 7018 20 00 agus ex 7018 90 90 (cóid TARIC 7002 10 00 20, 7018 10 90 10, 7018 20 00 10 agus 7018 90 90 10).

2. CLÁRÚ

(6) Faoi Airteagal 14(5) de Rialachán den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe.

(7) Is é is cuspóir don chlárú a áirithiú gur féidir dleachtanna frithdhumpála, más ann dóibh, a thobhach go cúlghabhálach ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, má chomhlíontar na coinníollacha is gá.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí micrisféar gloine soladach (ar a dtugtar freisin sa réimse tráchtála 'coirníní gloine') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2026/3713, 16.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/3713/oj).

(8) Chinn an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán. Na coinníollacha le haghaidh bhailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, déanfar measúnú orthu sa Rialachán lena bhforchuirfear dleachtanna cinntitheacha, más infheidhme.

(9) Aon dliteanas a bheadh ann amach anseo, is as torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a thiocfadh sé.

(10) De réir na ríomhanna arna soláthar sa ghearán inar iarradh imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, meastar corrlaigh dhumpála de 77,48 % agus leibhéal díothaithe díobhála de 125 % a bheith ann le haghaidh an táirge lena mbaineann sa tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2025. De ghnáth, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar an leibhéal is ísle idir leibhéal na dumpála agus leibhéal na díobhála, de réir Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán.

(11) Mar sin féin, ag an gcéim seo ní féidir leis an gCoimisiún an méid dliteanais a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo a mheas. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le faisnéis amháin atá na méideanna a luaitear sa ghearán agus ní féidir aon choinne a bheith ann dá mbarr, bunaithe ar na méideanna sin, leis an leibhéal iarbhír dliteanais a shuífear mar thoradh ar an imscrúdú.

(12) Má thagann an Coimisiún ar fhianaise le linn an imscrúdaithe gur ann do shaobhadh amhábhair de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, dhéanfaí an méid dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh dumpála mar a fhoráiltear in Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán má chinntear nár leor dleacht faoi bhun an chorrlaigh dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

3. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(13) Aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí isteach san Aontas a chlárú i gcás allmhairí micrisféar gloine soladach (ar a dtugtar 'coirníní gloine' sa réimse tráchtála) nach mó ná 2 mm ar trastomhas, a bhfuil a ndromchla brataithe nó neamhbhrataithe, gan beann ar an úsáid atá beartaithe nó ar an bpróiseas táirgthe, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7002 10 00, ex 7018 10 90, ex 7018 20 00 agus ex 7018 90 90 (cóid TARIC 7002 10 00 20, 7018 10 90 10, 7018 20 00 10 agus 7018 90 90 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

Ní áirítear leis an táirge a chuirtear faoi réir a gcláraithe táirgí a shainmhínítear mar 'choirníní gloine' atá i bhfoirm liathróidí beaga pollta, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC 7018 10 11 agus 7018 10 19.

2. Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN